# AR CHUALA TÚ?

## Féile na Samhna



**Agus Oíche Shamhna linn, is gearr uainn go mbeidh na puimcíní á greanadh agus na tithe daite le maisiúcháin scanrúla. Beidh púcaí beaga lán le sceitimíní ag dul ó theach go teach ag imirt 'bob nó bia' agus ag líonadh a gcuid málaí le milseáin.**
**Ach cárbh as a dtáinig na traidisiúin agus nósanna seo? Is Féile Cheilteach is ea Oíche Shamhna, atá thart ar 2,000 bliain d'aois. Tá sé mar phríomhfhéile na nGael ar nós Imbolc (Lá Fhéile Bríde), Bealtaine agus Lúnasa.**
**Síleadh gur cuireadh tús leis an mbliain nua ar Oíche Shamhna agus gur oíche dhraíochtúil a bhí ann mar gur briseadh an teorainn idir an saol seo & an saol eile agus go raibh na mairbh in ann filleadh ar an domhan seo arís don oíche seo amháin. Chreid daoine go raibh na síoga ábalta trasnú ar an oíche seo freisin agus mar sin d'fhágfaí sólaistí beaga taobh amuigh chun na síoga a shásamh agus nach gcuireadh siad isteach ar an teaghlach. Chun an ruaig a chur ar na taibhsí, ghleas siad suas agus nós eile a bhí acu ná shnoigh siad aghaidh ar tornapaí agus chuirfidís coinneal isteach ann chun iad a lasadh suas. Lean na traidisiún seo ar aghaidh ar feadh na mblianta agus nuair a chuaigh na hÉireannaigh ar imirce go Meiriceá thug siad leo na nósanna seo. Ach i Meiriceá bhí na puimcíní ag fás go fairsing agus d'úsáid siad iad in áit na tornapaí. Anois tá na puimcíní níos coitianta don fhéile!**
**Seo roinnt de na nósanna & traidisiún a bhíodh (agus atá) sa gceantar seo a bailíodh ó fhear áitiúil:**
**-Chuirtí cheithre shásar ar an mbord. Bhíodh créafóg ar cheann acu, páidrín ar cheann eile, fáinne ar cheann eile agus uisce ar an gceathrú ceann. Chuirtí púicín ar dhuine ansin. Dá leagfadh sé a lámh ar an gcréafóig gheobhadh sé bás go luath, dá leagfadh sé a lámh ar an bpáidrín ghabhfadh sé le sagartóireacht (nó ina bean rialta i gcás mná), dá mba é an fáinne a bhraithfeadh sé phósfadh sé agus dá mba é an t-uisce a bhraithfeadh sé ghabhfadh sé thar sáile.**
**-Chuirtí úll ar crochadh ar rúóg as an tsíleáil agus bhítí ag iarraidh plaic a bhaint as gan na lámha a úsáid.**
**-Bhítí ag iarraidh airgead geal a thabhairt as mias uisce agus na lámha taobh thiar dá dhroim ag duine.**
**-Théadh daoine thart in áiteacha ag caitheamh dasanna gabáiste le doirse tithe.**
**-Bhítí ag súil leis an bhfáinne a fháil sa mbairín breac.**



**Má bhí agus má tá traidisiún/ nósanna/ sceálta agaibh féin ar mhaith libh a roinnt, ba bhreá linn cloisteáil uaibh. Is féidir ríomphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie**

# Cairdeas- 'Ag Obair as Láimhe Chéile'

**Is é aidhm Chairdeas ná seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aonair agus dá muintir chun tacú le maireachtáil ina bpobal féin.**

**Clúdaíonn an tseirbhís ceantair Chamuis, Rosmuc, Cill Chiaráin, Carna, Caiseal agus an Sraith Salach. Is iad na príomhchuspóirí ná:**
**-Caidreamh a chruthú le daoine aonair agus le teaghlaigh sa phobal**
**-Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil sa cheantar**
**-A chinntiú go gcaitear le cliaint le dínit agus le meas**
**-Oibriú i gcomhar le gnólachtaí áitiúla agus le gairmeacha cúram sláinte áitiúla chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú.**

**Soláthraítear raon seirbhísí ar nós:**
**-Béilí te**
**-Siopadóireacht**
**-Aireachas, Folláine, Íoga, agus Aclaíocht**
**-Éadach a níochán**
**-Clár um Chuimsiú a fhorbairt trí imeachtaí agus cúrsaí sóisialta**
**-Córas Iompair a sholáthar**
**-Eolas a sholáthar maidir le seirbhísí cúram baile**
**-Ag glanadh tithe**



**Tá go leor éachtanna bainte amach ag foireann Chairdeas cheana féin. Mar thoradh ar a gcuid oibre crua, fuair siad Gradam Freagartha Pobail Covid-19 do Chonamara ag Gradam an Chathaoirligh 2020.**

**Bíonn an tseirbhís 'Béilí ar Róthar' ar fáil trí huaire sa tseachtain. Ós rud é go bhfuil an geimhreadh ag druidim linn agus go bhfuil na laethanta ag éirí níos giorra, má tá suim agat nó aithne agat ar éinne a bheadh suim acu leas a bhaint as na seirbhísí seo, déan teagmháil le Máirín.**

*Forbairt Chonamara Láir Teo*
*Teach An Údaráis, Carna*
*Co. Na Gaillimhe. H91 X07X*
*095-32688/ 087-3294478*
*fclteo@conamaralair.ie*



# Éigse Comóradh Mhichael Mháire Ghabha 2022

**28-29-30 Deireadh Fómhair**

Osclóidh an Éigse ar an Aoine, an 28ú lá. Beidh Máirtín Tom Sheánín mar Fhear an Tí agus beidh neart siamsaíocht ann mar go mbeidh ceol le Clann Uí Cheannabháin, Brian Terry Mac Donnacha agus cairde eile.

Ar an maidin Dé Sathairn dár gcionn, beidh neart imeachtaí éagsúla ar siúl:

11:00: Ceardlann Uirlisí Ceoil do fheabhsaitheoirí le Marie Walsh agus Josie Ó Ceannabháin in Áras na hOllscoile Gaillimh. Carna (€10 an duine/€15 an teaghlach). Ag an am céanna, beidh seisiún aireachas le Marion Ní Chonghaile ar siúl in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Ansin ag an 2:00, cuirfear siamsa ceoil ar siúl i dTeach Altranais Charna le ceoltóirí na hÉigse. Leanfaidh an ceol ar aghaidh go Tigh Mheaic ag an 4:00. Críochnóidh an oíche le ceolchoirm agus Máirtín Tom Sheánín ar ais mar Fhear an Tí arís in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, áit a bheas Gradaim na hÉigse á bhronnadh freisin (€10 Duine Fásta, €5 Gasúir/ Déagóir, €25 teaghlach).

Ar an Domhnach, beidh seisiún ceoil ar siúl Tigh Mhóráin tar éis Aifreann 11:30 i gCarna. Ag an 3:00, tá cuireadh á thabhairt do dhaoine óga theacht chuig 'Céilí na nÓg' le Christina Lowry agus ceoltóirí na hÉigse. Cuirfear críoch leis an Éigse ansin an tráthnóna sin le seisiún ceoil i dTeach Glinnsce ag an 7:00.

Mar a fheiceann sibh, beidh neart ar siúl le linn an deireadh seachtaine agus tá céad míle fáilte roimh chách!

**Tá áthas orainn é a fhógairt go mbeidh an ciorcal comhrá ag tosú arís. Beidh sé ar siúl gach Dé Máirt in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna ag tosú ar an 8ú Samhain. Má tá suim agat ann nó má tá aithne agat ar éinne atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, déan teagmháil linn ag 087-1678607/ ocpt@conamaralair.ie.**



# *Nuacht ó Choláiste na bPiarsach*




**Roinnt scoláirí ón idirbhliain a d'eagraigh Maidin Chaife d'Oispís na Gaillimhe le gairid. Bhí áthas orainn fáilte isteach a chur roimh thuismitheoirí, gaolta agus cairde phobal na scoile. Bailíodh os cionn €1000 ar an lá. Míle buíochas le chuile dhuine a thug tacaíocht don ócáid.**




**Scoláirí ón gcúigiú bliain i gColáiste na bPiarsach agus iad ar an 'tower' i gCamus. Úsáideadh an grianghraf ar chlúdach Ráiteas Straitéise 2022-2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.**





**Daltaí na cúigiú agus séiú bliana ag baint sásaimh as céad an turas scoile go Barcelona**




**Comhghairdeas ó chroí le foireann díospóireachta na scoile a chuaigh tríd go dtí an chéad bhabhta eile i gComórtas Díospóireachta Uí Chadhain ar an 10.10.22**

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh le scoláirí Bliain 5 Scoil Phobail Mhic Dara as a gcuid torthaí TEG a fháil. Bhí ríméad orainn an tacaíocht agus deis iontach seo a thabhairt dóibh. Táimid cinnte go rachaidh sé chun tairbhe do na scoláirí amach anseo agus cáilíocht sa Ghaeilge acu anois.





Tugadh cuireadh do Chlann Uí Fhlatharta, Séamus agus Caoimhe, a bheith i láthair ag ócáid fáiltiúil Marcelo Rebelo de Sousa, Uachtarán Phoblacht na Portaingéile, ar an 19ú Deireadh Fómhair in Áras an Uachtaráin.



An-éacht bainte amach ag fhoireann Faoi 16 Peil na mBan Carna Caiseal agus an dara sciath buaite acu in aghaidh An Cheathrú Rua ar an 21ú Dheireadh Fómhair. Comhghairdeas ó chroí leis na cailíní agus na bainisteoirí!

## *Ceardlann Ceardaíochta na Nollag*

**Tá áthas orainn é a fhógairt go mbeidh muid ag eagrú dhá cheardlann ceardaíochta i rith na Nollag i gcomhar le Cian Bairéad:**

***5 Nollag 18:30: Ionad Cuimhneacháin na nImirceach***
***6 Nollag 18:30: An Chrannóg, Rosmuc***

**Deis álainn é seo chun foghlaim conas do mhaisiúchán Nollag féin a dhéanamh do do theach. Spásanna teoranta agus molann muid clárú tré ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie roimh Dé Céadaoin, an 30 Samhain.**
**Bígí linn chun tús a chur le séasúr na Nollag.**
**Beidh neart sólaistí deasa ar fáil.**




FCL teo
Forbairt Chonamara Láir
De réir a chéile a thógtar na caisleáin

# PLEAN FORBARTHA CÚIG BLIANA FORBAIRT CHONAMARA LÁIR TEO.

**Is struchtúr forbartha áitiúil é Forbairt Chonamara Láir Teo., atá ag feidhmiú i gceantar Chonamara Láir ó 2007. Tá an t-eagras déanta suas d'ionadaithe ó choistí pobail sa gceantar feidhme – is iad sin CP Chamuis, CP Rosmuc, CP Chill Chiaráin, CP Carna, CP an Chaisil agus CP Shraith Salach. Tá clár oibre an eagrais bunaithe ar riachtanais aitheanta agus féidearthachtaí forbartha an cheantair agus tá ionchur láidir ag baill an choiste bainistíochta anseo. Tá an t-eagras lárnach i bhforbairt tograí agus seirbhísí pobail áitiúla, m.sh. soláthar áiseanna pobail, seirbhísí riaracháin agus tacaíochta. Trí dhíriú isteach ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, an turasóireacht, an fharraige agus an cultúr, tá sé mar aidhm ag an eagras feabhas agus forbairt a chur chun cinn ar mhaithe le saol eacnamaíochta agus sóisialta phobal an cheantair. I measc na ngnéithe a thagann faoi FCL Teo., tá: Ionad Cúram Leanaí Charna, gteic@Carna, Cairdeas, Turasóireacht, Clubanna Óige, Cúrsaí Oiliúna & Oideachais, Club Mara Chonamara Láir, Biongó, Fuinneamh Athnuaite & an Phleanáil Teanga chomh maith le tograí eile.**

**Tá cúnamh agus comhairle á lorg ag Forbairt Chonamara Láir Teo, chun Plean Forbartha cúig bliana a chur le chéile don cheantair. Tá do thuairim tábhachtach dúinn maidir leis na cuspóirí seo a leanas:**

- **Teanga, Cultúr & Na hEalaíona**
- **Turasóireacht**
- **Fiontraíocht/Fiontraíocht Shóisialta**
- **An Gaeltacht Ghlas**
- **Seirbhísí, Bonneagar & Infreastruchtúr**
- **Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna**
- **Margaíocht**




**Beidh cruinnithe poiblí ar siúl i mí na Samhna agus reáchtálfar na cruinnithe seo i gcomhar le comhairleoirí Bane Mallarkey:**

**15 Samhain 2022**

6.00i.n – 7.00i.n: **Tearmann na Foirnéise, Camus**

7.45i.n – 8.45i.n: **Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, Ros Muc**

**16 Samhain 2022**

6.00i.n – 7.00i.n: **Halla Pobail Chill Chiaráin**

7.30i.n – 8.30i.n: **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna**

**17 Samhain 2022**

6.00i.n – 7.00i.n: **Halla Pobail an Chaisil**

7.45i.n – 8.45i.n: **Ionad Pobail Máiméan**

**Is féidir do thuairimí a sheoaldh chomh maith ag fclteo@conamaralair.ie**

# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na míosa: Ciara Ní Niaidh, Múinteoir Bunscoile**

**1.Ainm Baile (i.e. I ndiaidh do mhuintir):** Ciara Oliver Paddy Niaidh

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Turloch, Ros Muc

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is dócha domsa is cuid ollmhór de mo shaol í an Ghaeilge. Is í an teanga a úsáideann muid sa mbaile- is í a labhraím le mo thuismitheoirí agus an chlann ar fad idir mo sheanmhuintir, mo dhearthaireacha agus deirfiúracha agus mar sin. Freisin, i mo chuid oibre is í an Ghaeilge a úsáidim go laethúil mar mhúinteoir bunscoile i scoil Ghaeltachta.

**4.Ar fhás tú suas sa cheantar seo?** D'fhás, chuaigh mé go dtí an bunscoil agus an meánscoil i Rosmuc.

**5.An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Tháinig mé abhaile go dtí an ceantar arís. Chaith mé cheithre bliana i gcoláiste shíos i Luimneach agus trí bliana i mBaile Átha Cliath. Mar sin tá chuid is fearr de sheacht mbliana caite agam as baile seachas cuairteanna ag an deireadh seachtaine agus i rith an tsamhraidh. Ach tá rud éigin speisialta faoi bheith sa mbaile arís- ceapaim mar go bhfuil aithne ag chuile duine ar a chéile sa gceantar seo agus tá sé go deas bualadh síos ag an siopa nó isteach ag an teach tabhairne agus gheaobhaidh tú i gcónaí duine éigin ann chun labhairt le. Sin rud a thug mé faoi deara sna cathracha móra, d'fhéadfá an oiread daoine a bheith timpeall ort ach ní labhraíonn éinne le chéile. Mar sin cinnte is sin rud speisialta faoin gceantar seo.

**6.Cén cartún a raibh suim agat ann agus tú ag fás aníos?** Creid é nó nár creid ach cheapaim gur iad na 'Rugrats'! An chéad rud a tháinig isteach i m'intinn.

**7.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Bíonn- mar a luaigh mé is múinteoir bunscoile mé atá ag obair i scoil Ghaeltachta. Bhí mé ag obair roimh seo i nGaelscoil i mBaile Átha Cliath. Mar sin chaith mé fórmhór de mo chuid laethanta ní amháin ag múineadh trí Ghaeilge ach ag comhrá leis an bhfoireann agus na páistí trí Ghaeilge.

**8.Céard é an béile is fearr leat?** Lasagne!

9.Céard é an boladh is fearr leat? Boladh móin sa tine.

**10.Céard é an deoch is fearr leat?** Cupán tae- ag teastáil chuile mhaidin!

**11.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Ar mo chuid ama saor is maith liom dul amach ar shiúlóid siar bóthar Chloch a' Leachta nó áit eicint ciúin suaimhneach, ag éisteacht le podchraol agus gan imní orm faoi aon rud eile.

**12.Cén cineál ceoil ina bhfuil suim agat ann?** Táim éasca le ceol- rud ar bith atá sna cairteacha. Is é an ceoltóir is fearr liom ná Ed Sheeran agus is breá liom nuair atá amhráin nua amuigh aige.

**13.An nóiméad den lá is fearr leat?** Tráthnóna- díreach nuair atá an obair uilig déanta, an teach glanta, suí ar an tolg le leabhar os mo chomhair nó rud eicint a chur ar siúl ar an teilifís!

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Mary Uí Fhlatharta a bhuaigh comórtas mhí Dheireadh Fómhair.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Táimid ag obair faoi láthair ar Fhéilire Chonamara Láir 2023 agus ag súil iad a dháileadh ar an bpobal i rith na Nollag.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí na Samhna chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa:

### Leitir Móir na Coille

Is scoilt atá idir dhá chnoc atá i gceist leis an 'leitir' agus bhí coill ann fadó agus deirtear go raibh an choill chomh dlúth go bhféadfadh duine siúl ar a barr. Is ón gcoill seo a bhíodh adhmad a fháil le haghaidh na foirnéise i gCamus.

## Seanfhocal na Míosa:

Ní théann cuileog san mbéal a bhíonn dúnta.

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**